An Coimisiún Eorpach



# Treoir ghairid faoin ngníomhaíocht atá ar bun ag an Aontas Eorpach maidir le **gairmoideachas agus gairmoiliúint**

*Gairmoideachas agus gairmoiliúint*

Níl an Coimisiún Eorpach ná aon duine eile a bheadh ag gníomhú thar ceann an Choimisiúin freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis thíos.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2018

© An tAontas Eorpach, 2018

Údaraítear athúsáid ach an fhoinse a admháil.

Déantar beartas atáirgthe dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh a rialú le Cinneadh 2011/833/AE (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39).

Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

Gach íomhá © Shutterstock mura gcuirtear a mhalairt in iúl ar shlí eile.

| | | | |
|---|---|---|---|
| PDF | ISBN 978-92-79-81378-8 | doi:10.2767/097929 | KE-04-18-279-GA-N |
| PRINT | ISBN 978-92-79-81407-5 | doi:10.2767/80003 | KE-04-18-279-GA-C |

# Treoir ghairid faoin ngníomhaíocht atá ar bun ag an Aontas Eorpach maidir le **gairmoideachas agus gairmoiliúint**



# An tAontas Eorpach agus an Gairmoideachas agus an Ghairmoiliúint

Oibríonn an Coimisiún Eorpach le rialtais náisiúnta, fostóirí, ceardchumainn agus tíortha lasmuigh den Aontas Eorpach (AE) chun:

- caighdeán an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a fheabhsú;
- teagasc agus oiliúint san earnáil a fheabhsú;
- cúrsaí a dhéanamh níos ábhartha don mhargadh fostaíochta.

Tá an ról seo cumhdaithe i bhForógra Chóbanhávan 2002, tráth ar chomhaontaigh Ballstáit an Aontais Eorpaigh ar thosaíochtaí agus ar straitéisí comhroinnte a raibh sé mar aidhm leo córais Eorpacha chun scileanna agus cáilíochtaí a aithint a chur chun cinn.

Le linn don Choimisiún a ghealltanais a chur i gcrích, déanann sé tréaniarracht deiseanna a chruthú do gach saoránach scileanna nua a shealbhú — ar scoil, sa choláiste, san ollscoil nó in ionaid oiliúna; mar chuid de phrintíseachtaí agus foghlaim obairbhunaithe; trí fhoghlaim sheachthéacsúil nó neamhfhoirmiúil laistigh nó lasmuigh den ionad oibre. Ciallaíonn sé seo gur gá na “conairí” i dtreo an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a fhorbairt agus a neartú. Tugtar léargas ar chuid de phríomhchonairí an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna ar an gcéad leathanach eile.



©An Coimisiún Eorpach

*“Tráth a bhfuil deacrachtaí ag 40 % d’fhostóirí na hEorpa daoine a aimsiú a bhfuil na scileanna cearta acu chun na folúntais atá acu a líonadh, ceann de na bealaí is fearr chun gairm a roghnú is ea díriú ar scileanna gairme. Ba chóir go mbeadh an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint mar chéad rogha ag daoine agus ba cheart go mbeadh deis ag aosaigh uas-sciliú agus athsciliú a dhéanamh go leanúnach ag teacht le riachtanais an mhargaidh fostaíochta.”*

**Marianne Thyssen**
An Coimisinéir Eorpach um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta, Scileanna agus Soghluaisteacht Oibrithe

# Míniú ar chonairí an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna

## Gairmoideachas agus Gairmoiliúint Tosaigh

Is gnách go mbaintear tairbhe astu ar scoil, sula ndíríonn daoine ar an saol oibre

## Gairmoideachas agus gairmoiliúint leanúnach

Gairmoideachas agus gairmoiliúint i ndiaidh oideachas agus oiliúint tosaigh a chríochnú — nó i ndiaidh dul i mbun fostaíochta

## Printíseachtaí

Scéimeanna foirmiúla gairmoideachais agus gairmoiliúna ina ndéantar foghlaim in institiúidí oideachais nó oiliúna i dteannta le foghlaim obairbhunaithe suntasach i gcuideachta, ar féidir cáilíocht atá aitheanta go náisiúnta a ghnóthú as, scéim a bheidh bunaithe ar chomhaontú idir an printíseach agus an fostóir (ar deireadh thiar leis an institiúid), agus ina bhfaighidh an printíseach íoctha nó cúiteamh.

## Gairmfhoghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil

Áirítear ann an raon iomlán gníomhaíochtaí foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla — idir ghinearálta agus ghairme

# Tosaíocht an Aontais Eorpaigh don Ghairmoideachas agus don Ghairmoiliúint go dtí 2020

I gConclúidí Ríge (Meitheamh 2015), chomhaontaigh anAE, tíortha is iarrthóirí, tíortha an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE), comhpháirtithe sóisialta anAE, an Coimisiún agus soláthraithe Eorpacha an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna ar shraith bunspriocanna inghnóthaithe don tréimhse idir 2015-2020:

- Tacú le gach cineál **foghlaim obairbhunaithe** agus aird ar leith a dhíriú ar phrintíseachtaí, trí dheis a thabhairt do chomhpháirtithe sóisialta, cuideachtaí, comhlachais agus soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna a bheith rannpháirteach, le cois nuálaíocht agus fiontraíocht a spreagadh.
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na **sásraí dearbhaithe cáilíochta sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint** ag teacht lena bhfuil molta sa Chreat Tagartha Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta (EQAVET) agus, mar chuid de chórais dearbhaithe cáilíochta, lúba leanúnacha faisnéise agus aiseolais a bhunú i gcórais tosaigh agus leanúnacha gairmoideachais agus gairmoiliúna bunaithe ar thorthaí foghlama.
- **Rochtain ar ghairmoideachas agus ar ghairmoiliúint a fheabhsú** do chách trí chórais níos solúbtha agus níos tréscaoiltí, go sonrach trí sheirbhísí treoracha éifeachtacha agus comhtháite a thairiscint agus trí bhailíochtú foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a chur ar fáil.
- **Príomhinniúlachtaí a neartú** tuilleadh i gcuraclaim gairmoideachais agus gairmoiliúna chun deiseanna níos éifeachtaí a sholáthar chun na scileanna sin a shealbhú nó a fhorbairt trí ghairmoideachas agus gairmoiliúint tosaigh nó leanúnach.
- Cur chuige córasach a bhunú i ndáil le, agus deiseanna le haghaidh, **forbairt ghairmiúil tosaigh agus leanúnach múinteoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna, oiliúnóirí agus meantóirí i suíomhanna scoile agus oibre.**



# Clár Scileanna Nua don Eoraip

Leagtar béim i gClár Scileanna Nua don Eoraip (2016) ar dheich bpríomhghníomhaíocht i dtrí réimse tosaíochta.

1. **Cáilíocht agus ábharthacht scileanna ar fud na hEorpa a fheabhsú:**
    - Conairí uas-scilithe;
    - Creat príomhinniúlachtaí;
    - Gairmoideachas agus gairmoiliúint mar chéad rogha;
    - Scileanna Digiteacha agus Comhghuaillíocht maidir le Poist.

2. **Scileanna agus cáilíochtaí a dhéanamh níos sofheicthe agus níos inchomparáide:**
    - Athbhreithniú ar an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF);
    - Uirlis Próifíl Scileanna AE do Náisiúnaigh Tríú Tír.

3. **Faisnéis maidir le scileanna a theastaíonn ón margadh fostaíochta a fheabhsú chun roghanna gairme níos fearr a chur ar fáil:**
    - Athbhreithniú ar Europass;
    - Anailís ar imirce daoine oilte;
    - Treoirphlean le haghaidh Comhar Earnála i dtaca le Scileanna;
    - Tionscnamh maidir le rianú céimithe.

# Dúshláin agus réitigh scileanna an lae inniu

## *Mí-oiriúintí scileanna*

**40 %**

Ní féidir le **40 %** d'fhostóirí na hEorpa daoine a aimsiú a bhfuil na scileanna cearta acu chun na folúntais atá acu a líonadh

Soláthraíonn lucht oibre ardoilte na hEorpa bunsraith le haghaidh ár múnla sóisialta agus le haghaidh fás eacnamaíoch. Chun bonn scileanna na hEorpa a chothú agus a fheabhsú, tá iarracht leanúnach á déanamh ag lucht déanta beartas déileáil le bearnaí agus mí-oiriúintí scileanna a tharlaíonn nuair a bhíonn na scileanna cuí ag an iomarca (nó ag easpa) daoine chun dul le gairm. Gné lárnach de fhreagairt an Aontais Eorpaigh é an t-ardán ar líne ***Skills Panorama***, a athraíonn sonraí go dtí faisnéis úsáideach, bheacht agus thráthúil le cabhrú le lucht déanta beartas cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le scileanna. In 2016, sheol an Coimisiún **Treoirphlean le haghaidh Comhar Earnála i dtaca le Scileanna**, a sholáthraíonn an treoir fhianaise-bhunaithe do pháirtithe leasmhara tionsclaíocha a theastaíonn uathu chun déileáil le bearnaí scileanna.

## *Bunscileanna*

**25 %**

tá deacracht ag **25 %** d'aosaigh na hEorpa le léamh agus scríobh, scileanna uimhearthachta nó bunscileanna digiteacha

Teastaíonn bunscileanna uimhearthachta, litearthachta agus digiteacha ó dhaoine chun poist a aimsiú, a choimeád nó bogadh ar aghaidh chuig poist níos fearr agus ról a imirt sa tsochaí. In 2016, ghlac an Chomhairle Eorpach le tionscnamh na gConairí Uas-scilithe chun deis a thabhairt do shaoránaigh atá ag streachailt le bunscileanna na scileanna sin a neartú agus a chreidiúnú. Beidh **Conairí Uas-scilithe** á seachadadh ag Ballstáit lena n áirítear scileanna measúnaithe, oiliúint shaincheaptha agus aithint scileanna trí sheirbhísí áitiúla for-rochtana, treorach agus tacaíochta.

### *Printíseachtaí agus foghlaim obairbhunaithe*

**860 000**

tá printíseachtaí á gcur ar fáil ag geallsealbhóirí den Chomhghuaillíocht Eorpach do Phrintíseachtaí ó seoladh é in 2013

Áirítear printíseachtaí agus foghlaim obairbhunaithe ar cheann de na fachtóirí a bhfuil dlús á gcur acu le poist agus fás, ach níl dóthain daoine ag baint tairbhe as na deiseanna seo. Is í sin an chúis, go bhfuil sé mar sprioc ag an g**Comhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí**, soláthar, cailíocht agus íomhá na bprintíseachtaí agus deiseanna soghluaiseachta do phrintísigh a threisiú. Tá feabhas á chur ag an gCoimisiún freisin ar tharraingteacht printíseachtaí agus foghlainm obairbhunaithe trí fheachtais chumarsáide, mar shampla **an tSeachtain Eorpach um Scileanna Gairme**. Ina theannta sin, tá an Coimisiún ag tabhairt isteach bealaí nua chun oiliúint a fháil thar lear tríd an deis soghluaisteachta fadtéarmach **Erasmus Pro** (cuid den chlár Erasmus +). Ar deireadh, tríd an **Scéim Ráthaíochta don Aos Óg**, tá na Ballstáit ag déanamh iarracht líon na dtairiscintí printíseachta a mhéadú go suntasach.

### *Scileanna postsonracha*

**46 %**

thug **46 %** de chuideachtaí le fios go bhfuil tábhacht ag baint le scileanna gairme chomh fada is a bhaineann le forbairt amach anseo

Teastaíonn éagsúlacht scileanna ó chuideachtaí chun leanúnachas agus fás gnó a chinntiú. Is iad na trí scil ba thábhachtaí dá bhforbairt a ngnóthaí amach anseo a thuairiscigh cuideachtaí ná scileanna gairme (scileanna teicniúla, praiticiúla nó postsonracha), scileanna láimhseála custaiméirí agus scileanna obair foirne.

# Is rogha chliste do shaoránaigh an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint

Éiríonn le céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna obair a fháil níos tapa ná mar a éiríonn lena bpiaraí ó oideachas ginearálta (dara leibhéal uachtarach agus iar-dhara leibhéal neamhthreasach.Ina theannta sin, tuilleann siad níos mó ná daoine a bhfuil cáilíochtaí ginearálta acu.  Dá réir sin, má shíleann tusa, cosúil le go leor daoine, nach bhfuil an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint chomh tábhachtach céanna le foirmeacha foghlama eile, tá sé in am agat athmhachnamh a dhéanamh.

## Cén tairbhe a bhainfidh foghlaimeoirí as?

Áirítear cáilíocht ghairme ar cheann de na bealaí is fearr chun dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh do ghairme de. Ní hamháin go n éiríonn le formhór na mac léinn gairme post a fháil i ndiaidh dóibh cáilíocht a bhaint amach, tá tionchar dearfach ag an leibhéal oiliúna atá acu ar an méid a thuilleann siad. Lena chois sin, ciallaíonn síorluas na nuálaíochta go mbaineann níos mó tábhachta ná riamh le do chuid scileanna a uasghrádú i rith do shaoil — tá uathoibriú á dhéanamh ar roinnt gairmeacha anois, agus tá ról ag teicneolaíocht nua i ngairmeacha eile.

## Cén fáth ar cheart cúrsa oiliúna a dhéanamh anois?

D'fhéadfadh daoine a thugann faoi chúrsaí gairmoideachais agus gairmoiliúna níos mó sásaimh a bhaint as a ngairmeacha trí bheith céim chun tosaigh ar gach duine eile chomh fada is a bhaineann le hathrú teicneolaíochta.  Beidh rochtain acu chomh maith ar líon níos mó deiseanna spreagúla gairme d'oibrithe ardoilte.

## Céard atá ar bun ag an Aontas Eorpach chun dlús a chur leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint agus le foghlaim ar feadh an tsaoil?

Thacaigh cláir agus tionscnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh leis na céadta mílte saoránach Eorpach rochtain a fháil ar ghairmoideachas agus ar ghairmoiliúint ar ardchaighdeán, idir shocrúcháin oiliúna Erasmus+, thionscadail Chiste Sóisialta na hEorpa, agus phrintíseachtaí a bhí ag fáil tacaíochta ón Scéim Ráthaíochta don Aos Óg.



**60 %**

Faigheann **60 %** de chéimithe gairmoideachais agus gairmoilúna a gcéad phost fhadtéarmach laistigh de 1 mhí ó chríoch a chur lena gcuid staidéir (ardaitear seo go dtí 80 % i ndiaidh 6mhí)

**85 %**

Tá **85 %** de mhic léinn gairmoideachais agus gairmoiliúna sásta leis na scileanna atá sealbhaithe acu

**Táthar ag súil le méadú + 21 % ar fholúntais do dhaoine ardoilte**

**+ 21 %**

idir 2015-2025, cé go mbeidh 17 % níos lú deiseanna d'oibrithe ísealoilte

**Níos mó ná**

**120 000**

Baineann níos mó ná **120 000** foghlaimeoir gairme agus printíseach agus thart ar 20 000 comhalta foirne tairbhe as deiseanna soghluaisteachta Eorpacha gach bliain

**Tá Ciste Sóisialta na hEorpa ag infheistiú**

**€6.7 billiún**

sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúinht agus €7.2 billiún i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil (2014-2020)

KE-04-18-279-GA-N

Ceann de phríomhghníomhaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh don tréimhse idir 2015-2020 é gairmoideachas agus gairmoiliúint a chur chun cinn agus a fhorbairt laistigh den Eoraip. Soláthraítear sa bhróisiúr seo forléargas ginearálta ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint mar atá san Eoraip faoi láthair agus eolas maidir leis an obair atá ar bun ag an Aontas Eorpach chun an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a neartú. Tarraingítear aird ann ar an tábhacht a bhaineann le gairmoideachas agus le gairmoiliúint, an tairbhe atá le baint ag daoine agus ag gnóthaí araon as, agus an méid atá bainte amach ag cláir agus ag tionscnaimh an Aontais Eorpaigh laistigh den earnáil go dtí seo.

Is féidir ár gcuid foilseachán a íoslódáil nó liostáil dóibh saor in aisce ag http://ec.europa.eu/social/publications

Is féidir an nuacht is déanaí faoin Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Uilechuimsitheacht a fháil go rialta ach liostáil don r-nuachtlitir *Social Europe* saor in aisce ag http://ec.europa.eu/social/e-newsletter

www.facebook.com/socialeurope

https://twitter.com/EU_Social

**#EUVocationalSkills**

**#DiscoverYourTalent**

Oifig na bhFoilseachán